



**Scéim Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain 2020 -
2023**

Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Clár Ábhair

Leathanach

Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra 4

- 1.1 Treoirlínte um Ullmhú Scéime
- 1.2 Ábhar an Scéim Teanga
- 1.3 Dáta Thosach Feidhme na Scéime
- 1.4 Forbhreathnú ar AIT
 - 1.4.1 Ráiteas Físe
 - 1.4.2 An Institiúid
 - 1.4.3 Custaiméirí agus Cliaint
 - 1.4.4 Réimsí Feidhmiúcháin
 - 1.4.5 Measúnú ar a Mhéad is atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

CAIBDIL 2 Achoimre ar Sheirbhísí/Ghníomhaíochtaí ag Rannóga 10

- 2.1 Réamhrá
- 2.2 Oifig an Chláraitheora
 - 2.2.1 An Leabharlann
 - 2.2.2 Riarachán Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn
 - 2.2.3 Teicneolaíocht na Faisnéise
 - 2.2.4 An tIonad Acmhainní Mac Léinn
 - 2.2.5 An tAonad Foghlama agus Teagaisc
 - 2.2.6 An Roinn Spóirt
- 2.3 An Oifig Airgeadais/AD
- 2.4 Scoileanna
- 2.5 An Oifig Taighde, Nuála agus Fiontraíochta
- 2.6 An Oifig Cumarsáide agus Mhargaíochta

CAIBIDIL 3 Feabhsú Seirbhísí atá le cur ar fáil go Dátheangach 14

- 3.0 Réamhrá
- 3.1 Bealaí Cumarsáide leis an bPobal
 - 3.1.1 Réamheolaire
 - 3.1.2 Foilseacháin Ilghnéitheacha
 - 3.1.3 Láithreán gréasáin
 - 3.1.4 Ríomhphost
 - 3.1.5 Comhfhreagras Ginearálta
 - 3.1.6 Fógraí Béil
 - 3.1.7 Oibriú an Deasc Fáiltithe
 - 3.1.8 Preaseisiúintí
- 3.2 Seirbhísí Tacaíochta
- 3.3 Earcaíocht
- 3.4 Oiliúint agus Forbairt

CAIBIDIL 4 Monatóireacht agus Athbhreithniú 17

CAIBIDIL 5 An Scéim Chomhaontaithe a Fhógairt go Poiblí 18

CAIBIDIL 1

RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

D'ullmhaigh AIT an scéim seo faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (ar a dtabharfar an tAcht ina dhiaidh seo). In Alt 11 déantar foráil d'ullmhú scéime reachtúla ag comhlachtaí poiblí ina dtugtar sonraí faoi na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- Trí mheán na Gaeilge;
- Trí mheán an Bhéarla, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, agus

na bearta atá le glacadh le déanamh cinnte maidir le haon seirbhís nach bhfuil á cur ar fáil ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge go gcuirfear ar fáil í laistigh d'amfhráma comhaontaithe.

1.1 Treoirínite um Ullmhú Scéime

Ceapadh an scéim seo i gcomhréir leis na treoirínite a d'fhoilsigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tar éis comhchomhairle le baill foirne, mic léinn agus páirtithe leasmhara ionadaíocha. Tá an Institiúid buíoch as an am agus an iarracht a chaith gach duine a ghlac páirt sa phróiseas seo.

1.2 Ábhar an Scéim Teanga

Is trí mheán an Bhéarla faoi láthair a chuireann AIT seirbhísí ar fáil. Níl ach líon beag foirne ag an Institiúid atá cumasach i labhairt na Gaeilge agus is lú fós an líon ball foirne atá cumasach i scríobh na Gaeilge. Is iad tosaíochtaí na scéime ná:

- An leibhéal éilimh ar sheirbhísí sa Ghaeilge a mheas agus monatóireacht a dhéanamh air
- Feasacht a mhúscailt i measc ball foirne maidir le hábhar agus cuspóir na scéime
- Oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne chun go mbeidís cumasach sa Ghaeilge
- Cloí le rialacháin an Achta
- Déanamh cinnte go gcuirtear an Scéim i bhfeidhm go héifeachtach agus go gcomhlíontar na gealltanais a thugtar

1.3 Dáta Thosach Feidhme na Scéime

Dheimhnigh an t-Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an scéim seo le tosú le héifeacht ó 21 Nollaig 2020. Beidh an scéim i bhfeidhm ar feadh trí bliana ón dáta sin nó go mbeidh scéim nua dearbhaithe ag an Aire faoi bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

1.4 Forbhreathnú ar AIT

1.4.1 Ráiteas Físe

Is í fis Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain ná bheith ina hollscoil theicneolaíoch chomhaimseartha agus rannpháirteach a mbeidh taithí den chéad scoth don fhoghlaim, béim idirnáisiúnta agus taighde feidhmeach le tionchar mar shaintréithe aici. “Trí chláir oideachais, oiliúna agus taighde feidhmigh a chur ar fáil atá dírithe ar mhic léinn agus shlite beatha dár gcohort éagsúil foghlaimoirí agus é sin a dhéanamh i dtimpeallacht ghairmiúil agus thacúil, tá sé mar chuspóir againn bheith i gceannas ar fhás sóisialta agus eacnamaíoch leantach an Lár Tíre chun tairbhe na bpobal a mbímid ag freastal orthu agus táimid tiomnaithe go hiomlán go dianphlé a mbíonn tionchar aige, le gnóthais agus fiontair réigiúnacha agus lenár gcuid pobal.

1.4.2 An Institiúid

Bunaíodh ár n-Institiúid i 1970 mar Choláiste Réigiúnach Teicniúil (CRT) Bhaile Átha Luain i lár athchóiriú oideachais agus é mar aidhm cúrsaí ar leibhéal teicneora a chur ar fáil ar leibhéal teastais agus dioplóma. Sháraíomar na teorainneacha a bhain le sannadh an CRT, rud a spreag athrú ar an ainm agus aistriú ar mheon an phobail i dtreo luach an oideachais feidhmigh atá dírithe ar thionscal. Rinneadh institiúid neamhspleách dúinn i 1993 agus níos deireanaí i 1998, athshannadh go hoifigiúil muid mar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. I 2004, bhronn Comhairle na nDámhachtainí Oideachais agus Oiliúna údarás tarmligthe orainn chun ár gcuid dámhachtainí bunchéime féin agus iad creidiúnaithe ag HETAC, a bhronnadh. Tréimhse chinniúnach ab í sin inár bhforbairt mar institiúid ardfhoghlama agus léirigh sé ár bhfás, ár bhforbairt agus ár n-uaimhian leanúnach. I 1970, bhí ár gcohort mac léinn déanta suas de 40 mac léinn, faoi 2000; bhí sé sin imithe i méid go nach mór 4,200. Faoi 2018, bhí níos mó ná 6,000 mac léinn cláraithe.

Ó seoladh Straitéis na hÁise i 2000, tá Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, tiomnaithe chun sreabhadh déthaobhach mac léinn agus foirne a éascú idir í féin agus a cuid institiúidí comhpháirtí idirnáisiúnta iomaí chun críocha saibhriú acadúil agus cultúrtha. Baintear é sin amach trí dheiseanna um staidéar agus shocrúcháin thar lear a chur chun cinn, chomh maith le cláir mhalairte idirnáisiúnta, chun aird a tharraingt ar thairbhí an staidéir agus na hoibre thar lear.

Le níos mó ná 185 mac léinn, is í an tSín, gan amhras, an margadh neamh-AE is mó atá ag an institiúid. D'fhorbair Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain roinnt comhpháirtíochtaí tábhachtacha le hollscoileanna na Síne chun díriú ar réimsí lánacha fáis, lena n-áirítear innealtóireacht mheicniúil, cuntasáocht, dearadh, eolaíocht cógaisíochta. Léirítear méadú agus rath ar n-institiúide inár gcampas domhandaithe, ar a bhfuil mic léinn as 66 thír ar fud a domhain lonnaithe, agus ina measc 2,000 mac léinn Síneacha a bhíonn i mbun staidéir sa tSín ar chomhchláir arna bhfaomhadh ag Aireacht Oideachais na Síne.

Chun freastal ar an méadú tapa ar líon na mac léinn, d'athchóirigh agus nuachóirigh muid ár gcampas tosaigh ó 1970, chun foirgnimh nua a chur ar fáil do Spórt agus Áineas (1991), Staidéar Fáilteachais (2003), Altranas agus Cúram Sláinte (2005) agus níos deireanaí ar Mol Taighde (2010) agus Airéine Idirnáisiúnta den chéad scoth a osclaíodh i 2013 agus é molta go hard agus ina bhfuil an chéad raon lúthchleasaíochta faoi dhíon de chaighdeán idirnáisiúnta sa tír.

Is é an foirgneamh is deireanaí ná ár bhfoirgneamh úrnua do STEM, a chruthóidh spás do 1000 mac léinn agus 70 ball foirne. Meastar go dtosófar ag tógáil na háise seo go luath agus cuirfidh sí ar ár gcumas freastal ar an éileamh méadaithe ar chláir STEM mar chógaisíocht, bithchógaisíocht agus micribhitheolaíocht. Tacóidh na forbairtí sin go léir lenár mian, mar atá stádas ollscoile teicneolaíche a bhaint amach.

Tá cruthaitheoirí eolais, nuálaithe agus ceannairí lonnaithe in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Is eiseamláir taighde chomhoibrithigh agus trasghearrtha í agus tá sí ina comhpháirtí is rogha don tionscal, rud atá ríthábhachtach chun geilleagar eolais na hÉireann a chur chun cinn. Táimid geallta chun ár gcuid gníomhaíochtaí i réimse an taighde fheidhmigh den chéad scoth agus na forbartha a fhorbairt níos mó agus leanúint orainn ag spreagadh an athraithe.

Is í an fhís atá ag AIT ná cur isteach ar bhealach dearfach ar bhealaí maireachtála, foghlama agus oibre amach anseo agus comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt a neartaíonn nuáil agus a chruthaíonn deiseanna nua agus spreagúla dár gcuid pobal. Tá sé mar chuspóir againn bheith inár n-ollscoil theicneolaíoch chomhaimseartha, bheoga a mbíonn tionchar aici; institiúid

ardoideachais a léiríonn éilimh oideachais agus riachtanais eacnamaíocha Réigiún an Lár Tíre agus an phobail a mbímid ag freastal air.

Dúshlán atá romhainn ná todhchaí a cheapadh ina ndéantar teicneolaíochtaí agus tuiscintí eolaíochta nua a fhorbairt agus a úsáid agus ina gcuirtear fáilte rompu ar bhealach a fheabhsaíonn an bealach a mhaireann, a fhoghlaimíonn agus a oibríonn muid. Agus é sin á dhéanamh, coinneoidimid orainn ag forbairt mar cheannródaí sa chruthú agus sa mhalairt eolais fheidhmigh; agus muid in ann todhchaí nár réadaíodh fós a cheapadh, a dheardh, a chur i bhfeidhm agus a oibriú.

Mar thaca don fhís seo, cabhróidh bunú comhpháirtíochtaí straitéiseacha Eorpacha agus domhanda, leis an lucht acadúil agus an lucht tionscail, lenár dtaighde chomhoibritheach, thrasghearrtha a fhorbairt agus a chothú agus feabhsóidh sé níos mó ár gcumas rannpháirtíocht shibhialta, shóisialta agus chultúrtha a fheabhsú agus ag an am céanna rochtain agus bealaí nua agus riachtanacha a sholáthar do gach foghlaimeoir.

Táimid uaimhianach maidir leis an rún atá againn deiseanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí nach mbíodh ar fáil sa réigiún roimhe sin trí hoideachas a sholáthar a fhágann lorg láidir agus lena sainítear inniúlachtaí idirdhisciplíneacha nua agus lena dtugtar rochtain ar dheiseanna gan teorainn ar phobal foghlaimeoirí. Mar chatalaíoch um spreagadh sóisialta dearfach is í an fhís atá againn ná na deiseanna sin a shíneadh go foghlaimeoirí neamhthraidisiúnta, gairmiúla agus domhanda trí mhodhanna soláthair úrscothacha ar líne, solúbtha agus measctha. Tá fíís shoiléir againn don todhchaí agus don ról atá againn ó thaobh forbairt réigiúnach an Réigiún Lár Tíre a chothromú.

1.4.3 Custaiméirí agus Cliant

Is iad príomhchustaiméirí na hInstitiúide ná a cuid mac léinn a bhfuil dualgas cúraim faoi leith uirthi maidir leo. Freisin bíonn plé aici le hinstitiúidí oideachais eile agus leis an bpobal i gcoitinne. Seo a leanas mar atá a bonn cliant agus custaiméirí déanta suas, cé nach liosta eisiach é seo:

- An tÚdarás Ardoideachais (ÚA)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
- The Technological Higher Education Association (THEA)
- An Chomhairle um Thaighde in Éirinn
- Midlands Gateway Chamber
- Boird Oideachais agus Oiliúna (Coistí Gairmoideachais a bhí orthu roimhe sin)
- Comhairlí Contae
- Boird Forbartha Contae

- Fiontraíocht Éireann
- ÚFT Éireann
- Institiúid an Chabháin
- Fáilte Éireann
- An Chomhairle Ealaíon
- Engineers Ireland
- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- Líonra

1.4.4 Príomhfheidhmeanna

Réimse Feidhme

Oifig an Uachtaráin

Leasuachtarán Gnóthaí Acadúla & Clárlann:

Leasuachtarán Gnóthaí Airgeadais & Corparáideacha:

Leasuachtarán Pleanáil Straitéiseach
& Feidhmíocht Institiúide

Roinn

Oifig Idirnáisiúnta

Margaíocht agus Cumarsáid

Acmhainní Daonna

Gnó

Sláinte, Sábháilteacht & Leas

Oifig Cháilíochta

Leabharlann

Riarachán Acadúil & Gnóthaí Mac Léinn

Ionad Acmhainní Mac Léinn

An t-Aonad Foghlama & Teagaisc

Seirbhísí Ríomhaire

Staidéar Iarchéime

Airgeadas

Eastáit

Teicneolaíocht na Faisnéise

An Roinn Spóirt

Comhlíontacht Faisnéise

Anailís CBF

Comhionannas agus Éagsúlacht

Taighde (ITB)	An tIonad Lár Tíre Nuálaíochta & Taighde An Institiúid um Thaighde Eolaíochta Bithí An Institiúid um Thaighde Ábhair An Institiúid um Thaighde ar Bhogearraí Bainisteoir Cláir Cistithe An Oifig um Aistriú Teicneolaíochta
Dámh an Ghnó & an Fháilteachais	Gnó & Bainistíocht Cuntasaíocht agus Ríomhaireacht Gnó Aíocht, Turasóireacht & Fóillíocht
An Dámh Eolaíochta & Sláinte Eolaíocht	Eolaíocht Bheatha agus Fhisiceach Altranas & Eolaíocht Sláinte Spóirt agus Sláinte Eolaíocht Shóisialta
Dámh na hInnealtóireachta & na Faisnéisíochta Meicniúil & Dearadh	Innealtóireacht Polaiméirí, Innealtóireacht Ríomhaire & Bogearraí Innealtóireacht Shibhialta & Tráid
Dámh na Foghlama Leantaí, Gairmiúla Cianfhoghlaim/Foghlaim Ar Líne	Fadsaoil Forbairt Gnó Scileanna Réigiúnacha

1.4.5 Measúnú ar a Mhéad is atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

Is í príomhfheidhm an Achta ná déanamh cinnte go bhfuil teacht níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go bhfuil siad de chaighdeán níos airde. Is í príomhfheidhm AIT ná cláir oideachais ardchaighdeán a chur ar fáil agus faoi láthair cuirtear na cláir go léir ar fáil trí Bhéarla. I láthair na huaire is trí Bhéarla amháin a chuirtear seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne, do pháirtithe leasmhara agus ghníomhaireachtaí eile. Foilsítear tuarascálacha bliantúla, cuntais airgeadais agus páipéar oifigiúil sa dá theanga, agus bíonn fógraí béil réamhthairfeadta dátheangach freisin.

CAIBIDIL 2

ACHOIMRE AR SHEIRBHÍSÍ/GHNIÓMHAÍOCHTAÍ DE RÉIR RANNÓIGE

2.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo leagtar amach an seasamh maidir le soláthar seirbhísí/gníomhaíochtaí ag ranna aonair san Institiúid.

2.2 Oifig an Chláraitheora

2.2.1 An Leabharlann

Tá leabharlann Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain suite ar dhá champas agus príomhfhoirgneamh na leabharlainne suite ar an bpríomhchampas agus an Leabharlann Altranais ar an gCampas Thoir.

Tá Leabharlann AIT ina “Tríú Spás” do mhic léinn, bhaill foirne agus thaighdeoirí. Leis an suíomh sin cuirtear an leabharlann taobh leis an halla léachta agus an teach mar an spás comhoibritheach pobail. Is áit shábháilte neodrach í ina gcuirtear ar chumas mac léinn scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt chomh maith le measúnú eolais. Ag obair i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtithe acadúla, cuirimid na hacmhainní clóite agus leictreonacha ar fáil chun cabhrú le mic léinn tascanna a dhéanamh, foghlaim faoina réimsí spéise agus iniúchadh a dhéanamh lasmuigh den liosta léitheoireachta. Tá an leabharlann déanta suas d’fhoireann de ghairmithe eolais a chuireann dea-chleachtas i bhfeidhm um thacaíocht eolais, etc. Tá Taisce AIT ina chuid lárnach de mhonatóireacht agus chur chun cinn an taighde dár n-institiúid.

2.2.2 Riarachán Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn

Tá an oifig Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn freagrach as saolré an mhic léinn a láimhseáil agus í ag tosú le hiontráil, clárú, bailiú táillí agus scrúdú agus ag críochnú le bronnadh céimeanna na mac léinn. Tá lucht na hoifige freagrach freisin as socrú clár, cártaí aitheantais a dhéanamh agus feidhmeanna an seomra priontála.

2.2.3 Teicneolaíocht na Faisnéise

Tá an Roinn Seirbhísí Ríomhaire (RSR) freagrach as líonra na hInstitiúide a chothabháil chomh maith le ceangail Idirlín, ríomhphost ball foirne agus mac léinn, córas gutháin, ríomhairí foirne agus mac léinn agus as ceadúnais suímh a bhainistiú le haghaidh réimse bogearraí. Tá CSD freagrach freisin as ceangal córais CFB –Core, Banner agus Agresso.

2.2.4 An tIonad Acmhainní Mac Léinn

Cuireann AIT raon leathan de sheirbhísí cúlta ar fáil do mhic léinn. Is é an tIonad Acmhainní Mac Léinn an chéad áit a dtugann mic léinn aghaidh uirthi agus iad ag lorg eolais agus cabhrach maidir le haon ghné de shaol an mhic léinn. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil tá Tacaíocht Airgeadais, Cúram Tréadach, Comhairle agus Oiliúint Gairme, Comhairleacht, Seirbhís Míchumais agus Tacaíochta Foghlama, Oifig Rochtana, Ionad Sláinte, Cur chun cinn na Sláinte, Seirbhísí Teagascóra agus an tIonad Scríbhneoireachta Acadúla

Taithí Céad Bliana

Ritheann an t-Ionad Acmhainní Mac Léinn clár imeachtaí agus tacú ar feadh seacht seachtaine le haghaidh mac léinn nua; tosaíonn clár ‘AIT Connect’ le hIonduchtú Mac Léinn nua agus tá sé dírithe ar riachtanais mac léinn agus iad ag aistriú go tríú leibhéal. Leantar ar aghaidh leis na tacaí le linn a gcuid ama in AIT agus tá siad ag croílár na leibhéil arda sásaimh i measc mac léinn AIT mar a thuairiscítear san ISSE agus dámhachtainí mar Institiúid na Bliana ag an Sunday Times.

2.2.5 An tAonad Foghlama agus Teagaisc

Tá an t-Aonad tiomnaithe do thacú le foghlaim agus teagasc in AIT agus iad a chur chun cinn. Oibríonn an t-aonad ar bhealach comhoibritheach chun cultúr a fhorbairt:

- Atá measúil ar dhifriúcháin aonair idir foghlaimeoirí agus a thacaíonn leo.
- A spreagann timpeallachtaí foghlama a fhorbairt atá dírithe ar mhic léinn áit ar féidir le mic léinn foghlaim agus éacht a dhéanamh.
- A leagann luach ar an teagasc agus a thugann luach saothair as.
- A thacaíonn le baill foirne agus iad i mbun taighde oideachais.
- A chabhraíonn le dea-chleachtas a scaipeadh san ardoideachas.
- A spreagann cur i bhfeidhm tionscnamh/nuálaíochtaí oideolaíochta.

- A chuireann chun cinn agus a thacaíonn leis na cuspóirí agus na bearta atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach na hInstitiúide, a bhaineann le feabhas agus nuálaíocht san Fhoghlaim agus sa Teagasc.

2.2.6 An Roinn Spóirt

Is í an Roinn Spóirt an fheidhm chomhordaithe d'fhoirne agus ghníomhaíochtaí iomaí na hinstiúide. Déantar freastal ar raon spóirt ar leibhéal scoth-lúthchleasaí agus caithimh aimsire agus díritear ar chothrom inscne agus na gníomhaíochtaí sin á soláthar. Téann ár bhfoirne san iomaíocht i gcomórtais tríú leibhéal a eagraíonn comhlachtaí rialaithe náisiúnta na spóirt sin agus i gcomórtais a eagraíonn Student Sport Ireland, an comhlacht rialaithe do spóirt tríú leibhéal ar oileán na hÉireann. Oibríonn AIT Sports Co Ltd., i gcomhar le roinn an spóirt, raonta lúthchleasaíochta amuigh agus faoi dhíon atá faofa ag IAAF, páirc shacair shaora lánmhéide atá faofa ag FIFA, faiche CLG lánmhéide, agus faiche traenála féir taobh leo. Inár n-ionad spóirt ilchuspóra tá cúirt cispheile, ceithre chúirt badmantain, dhá chúirt eitpheile, futsal (sacar faoi dhíon) agus svuít aclaíochta den chéad scoth. Tá rian trastíre timpeall áiseanna an champais lasmuigh. Tá glabhach gleoite, 'Seanslí Iarnróid', a úsáideann coisithe, riteoirí agus rothaithe, níos lú ná 1km ón gcampas agus síneann an chonair soir ar feadh 40km. Déanann an roinn spóirt bainistíocht ar scéim scoláireachtaí spóirt AIT, a thugann luach saothair as feabhas san fheidhmíocht agus a thacaíonn leis. Oibrítear an Scoláireacht ar dhá leibhéal. Is fiú Scoláireacht Óir suas le €1,000 ó thaobh tacaí lena n-áirítear ár gcuid áiseanna spóirt a úsáid, teiripe fhisiceach, traenáil phearsanta nirt & cleachta, measúnuithe scagtha feidhmiúla, taispeántais chócaireachta, tacaíocht acadúil, comhairle ar chothú, bainistíocht stíle maireachtála agus síceolaíocht spóirt. Cuimsíonn scoláireacht ar leibhéal Acadaimh go leor do na tacaí atá liostaithe thuas dóibh siúd ar mian leo bheith ar leibhéal Óir. Tugann gach traenálaí institiúide tuairisc dá n-oifigeach forbartha ábhartha agus/nó don Bhainisteoir Spóirt & Caithimh Aimsire nó don Oifigeach Spóirt Cúnta. Tacaíonn Oifig Fhorbartha leis na tacaí seo a leanas: Cluichí Gaelacha, Camógaíocht, Sacar, Rugbaí agus Lúthchleasaíocht.

2.3 An Oifig Airgeadais/AD

Tá an Oifig Airgeadais freagrach as an soláthar agus an íocaíocht go léir agus dá bharr sin fógraíonn lucht na hoifige conarthaí, déanann siad cáipéisí tairisceana, íocann siad sonraisc, tuarastail agus ullmhaíonn siad na cuntais bhliantúla.

Tá an Roinn Acmhainní Daonna freagrach as folúntais foirne a fhógairt, as tuairiscí poist agus sonraíochtaí pearsan a dhéanamh agus as agallaimh a shocrú. Tá lucht na Roinne freagrach freisin as leas agus smacht foirne. Tacaíonn an Coiste Forbartha Gairmiúla le

cuspoir na hInstitiúide: is é sin ná déanamh cinnte go bhfuil an deis ag baill foirne oiliúint agus breisoiliúint a dhéanamh de réir mar is gá chun spriocanna ar leith a chomhlíonadh. Is féidir leis an Roinn AD an rogha a thabhairt duillíní pá a fháil i nGaeilge dá n-iarrfadh ball foirne sin.

2.4 Dámha

Is iad na Dámha a thugann faoi ghníomhaíocht lárnach na hInstitiúide. Cuirtear clár ar fáil i raon leathan disciplíní faoi choimirce na gceithre Dámh: Gnó agus Fáilteachas, Innealtóireacht agus Faisnéisíocht, Eolaíocht agus Sláinte, Foghlaim Leantach, Ghairmiúil, Ar Líne & Cianfhoghlaim. Déantar gach clár staidéir a sholáthar agus a mheasúnú trí Bhéarla agus níl aon fhianaise ann a thugann le fios go bhfuil éileamh ar sholáthar aon ábhar cúrsa trí Ghaeilge.

2.5 An Oifig Taighde, Nuála agus Fiontraíochta

Tá trí hinstitiúid um thaighde straitéiseach ag AIT in Ábhair (MRI), sna hEolaíochtaí Bitheacha (BRI) agus i mBogearraí (SRI) a bhfuil a gcuid cur chuige taighde ar aon dul le tosaíochtaí lárnacha réigiúnacha agus taighde. Le bunú Clár Tairseach Teicneolaíochta arna gcistiú ag Fiontraíocht Éireann - An tIonaid Tairsí um Theicneolaíocht Polaiméirí Fheidhmeach (APT Éireann) agus COMAND (Dearadh agus Seachadadh Feidhmeanna Meáin) - treisítear an tacaíocht do chomhair straitéiseacha tionscail sna réimsí Polaiméirí agus TFC.

Soláthraíonn an t-Ionad Lár Tíre Nuálaíochta agus Taighde in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain - agus é ag obair i gcomhpháirt le Fiontraíocht Éireann - tacaíocht gorlainne agus gnó do ghnóthais nua agus nuálacha, soláthraíonn sé an clár 'New Frontiers' um forbairt fiontraithe i gcomhar le hOllscoil Mhaigh Nuad, agus cuireann sé acmhainní agus saineolas AIT ar fáil chun tacú le cuideachtaí agus fiontair cliant sa réigiún.

2.6 Roinn na Margaíochta agus na Cumarsáide

Pléann Roinn na Margaíochta agus na Cumarsáide in AIT le páirtithe leasmhara éagsúla trí mheáin éagsúla, lena n-áirítear i bprionta, craoladh, ar líne agus na meáin sóisialta, agus úsáideann sí an tsamhail PESO (meáin íoctha, tuillte, roinnte agus faoi úinéireacht/paid, earned and shared media) In éineacht lena géag deartha agus earcaíochta mac léinn, leagtar cúram ar an roinn as cabhrú leis an institiúid suntasacht branda a bhaint amach ar fud na tíre agus an domhain agus é mar chuspóir líon na mac léinn a mhéadú agus daoine cumasacha a tharraingt agus a choimeád – agus déanamh cinnte sa deireadh go mbeidh réigiún an Lár Tíre rathúil i gcónaí.

CAIBIDIL 3

FEABHSÚ SEIRBHISÍ ATÁ LE CUR AR FÁIL GO DÁT HEANGACH

3.0 Réamhrá

Sa chaibidil seo leagtar amach an seasamh maidir le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge ag ranna aonair san Institiúid. Glacann AIT leis gur cheart soláthar seirbhíse i nGaeilge a thabhairt isteach de réir a chéile. Ní mheasann AIT, áfach go mbeidh éileamh ar sholáthar cúrsaí i nGaeilge agus tuigeann go bhfuil institiúidí tríú leibhéal eile, a bhfuil cuid acu lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, ag teacht le chéile chun cur chuige comhaontaithe a ghlacadh i dtreo an tsoláthair sin. Tacaíonn AIT leis an gcomhiarracht sin, ach ní shamhlaíonn sé go mbeidh ról aige sa soláthar sin le linn shaolré na scéime.

3.1 Bealaí Cumarsáide leis an bPobal

Déanann an Institiúid cumarsáid tríd na meáin seo a leanas go príomha agus faoi láthair is trí Bhéarla a dhéantar í.

- Réamheolaire
- Foirmeacha iarratais/Bróisiúir/Bileoga eolais
- Foilseacháin ilghnéitheacha
- Láithreán Gréasáin
- Ríomhphost
- Litir
- Cumarsáid Bhéil
- Caidreamh poiblí.

Eisceacht air sin ná úsáid cártaí cuiridh dátheangacha le haghaidh gach ócáide oifigiúla de chuid na hInstitiúide. Tá na gealltanais seo a leanas á ndéanamh i dtaobh an scéim teanga seo.

3.1.1 Réamheolaire

Ní dhéanann AIT an réamheolaire go léir go dátheangach, agus níl sé beartaithe againn déanamh amhlaidh le linn shaolré na scéime seo. Déantar ceannteidil ailt agus teideal cláir sa réamheolaire go dátheangach, áfach. Leanfar ar aghaidh ag soláthar ábhair atá dírithe ach go

háirithe ar an margadh idirnáisiúnta sa teanga is cuí don mhargadh. Tá gach iarratas díreach le haghaidh mac léinn fochéime agus iarchéime ar fáil ar líne anois agus iad nasctha go díreach leis an gcóras Banner. Ní dhearnadh aon fhoirmeacha iarratais a athchló agus anois go bhfuil na hiarratais go léir ar líne, níl aon phleananna eile déanta maidir le hathchló.

Foilseofar bróisiúir agus bileoga eolais i mBéarla amháin. Beidh tuarascálacha comhairleoirí agus tuarascálacha teicniúla foilsithe sa teanga ar cuireadh i láthair i dtosach iad.

3.1.2 Foilseacháin Ilghnéitheacha

Foilsítear an leabhrán bronnta céimeanna in am don searmanas bronnta céimeanna, agus is é a bhíonn ann go príomha ná liosta de na mic léinn agus a ndámhachtainí. Déantar na codanna seo a leanas go dátheangach:

- Leathanaigh tosaigh
- Teideal cúrsaí agus clár

3.1.3 Láithreán Gréasáin

Tá sé de chumas ag an gcóras bainistíochta ábhair a thacaíonn le láithreán gréasáin AIT faisnéis a thaispeáint go dátheangach. Tá láithreán gréasáin na hInstitiúide á athbhreithniú agus á nuashonrú faoi láthair. Beidh ábhar ceannteidil an láithreáin ghréasáin ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon. Leanfar ar aghaidh ag soláthar ábhair atá dírithe ach go háirithe ar an margadh idirnáisiúnta sa teanga is cuí don mhargadh.

Beidh Scéim 2020 - 2023 Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, chomh maith le Treoirleabhar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2001 ar fáil ar ár láithreán gréasáin faoin nasc seo a leanas, nuair a bheidh siad faofa.

<https://www.ait.ie/contact/staff/official-languages-act/>

3.1.4 Ríomhphost

Taispeántar an séantóir ríomhphoist i nGaeilge agus i mBéarla araon

3.1.5 Comhfhreagras Ginearálta

Tabharfaidh an institiúid freagra sa teanga chéanna nuair a dhéanann duine cumarsáid i scríobh trí mheán na Gaeilge.

3.1.6 Fógraí Béil

Tá fógraí béil réamhthairfeadta dátheangach.

3.1.7 Oibriú an Deasc Fáiltithe

Tá na roghanna Gaeilge curtha i bhfeidhm ar bheannacht ár bpríomhghutháin ag an deasc fáiltithe. Cuirtear baill foirne ag an deasc fáiltithe ar a n-eolas faoi urlabhraí ainmnithe i gcás go gcuirfí ceist orthu sa Ghaeilge agus ionas go mbeidís in ann baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifigeach atá freagrach. Mura mbeadh an t-oifigeach ar fáil, tháirgfí na roghanna seo a leanas:

- Glaoch ar ais nuair a bheadh cainteoir Gaeilge ar fáil
- Gnó a dhéanamh trí sheirbhís aistriúcháin a chur ar fáil ag ball foirne eile
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh gnó i mBéarla

Tabharfar liosta suas le dáta de bhaill foirne ar féidir leo seirbhís a thabhairt trí Ghaeilge, do bhaill foirne an deasc fáiltithe.

3.1.8 Caidreamh poiblí

Eiseofar gach preaseisiúint a bhaineann le cúrsaí Gaeilge i nGaeilge ag an am céanna nó go dátheangach. Úsáidfear na leaganacha oifigiúla de logainmneacha Gaeltachta le haghaidh cuspóirí oifigiúla. Cuirfimid ball foirne ar fáil chun plé leis na meáin Ghaeilge agus beidh urlabhraí Gaeilge ar fáil le haghaidh agallamh leis na meáin Ghaeilge.

Méadóidh AIT ó 7% go 9% foilsíú preaseisiúintí na hInstitiúide sa dá theanga.

3.2 Seirbhísí Tacaíochta

Níl go leor ball foirne san Institiúid atá líofa sa Ghaeilge agus meastar nach nglacfaidh go leor ball foirne páirt ar bhonn deonach. Le linn na scéime beidh sé riachtanach seirbhísí aistriúcháin le haghaidh cáipéisí substainteacha, tuarascálacha bliantúla, etc. a ligean amach ar conradh. Ó thaobh fáil aon chumarsáide ag an Institiúid ó lá go chéile, tá ball foirne aitheanta againn a dheonaigh cúnamh a thabhairt mar aistritheoir. Tugadh sonraí teagmhála an bhall foirne sin d'fháilteoir na hInstitiúide agus do gach Roinn ábhartha.

3.3 Earcaíocht

Coimeádfaidh AIT i gcuimhne a cuid oibleagáidí faoin Acht agus baill foirne á n-earcú. Cuirfear comhairle ar gach earcaí nua maidir le deiseanna forbartha chun a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú, de réir mar a thagann na deiseanna sin chun cinn.

3.4 Oiliúint agus Forbairt

Tá gealltanús leantach ag an Institiúid chun oiliúint chuí a chur ar fáil agus tacaíonn sí le forbairt na mball foirne go léir. Faoi réir éilimh agus soláthar an bhuiséid cuirfidh an Institiúid oiliúint sa Ghaeilge ar fáil d'fhoireann an deasc fáiltithe. Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós www.tearma.ie ; www.focloir.ie ; www.teanglann.ie; www.abair.ie chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill..

Déanfaidh an Coiste Forbartha Gairmiúla measúnú ar aon chúrsaí Gaeilge agus cuirfidh siad chun cinn a n-oiriúnacht i measc ball foirne maidir le héirí inniúil sa Ghaeilge scríofa agus labhartha. Faoi réir éilimh, tá sé beartaithe ag AIT leanúint ar aghaidh leis na céimeanna seo a leanas a ghlacadh le linn na scéime chun leibhéal Gaeilge na mball foirne in AIT a mhéadú ar na bealaí seo a leanas:

- Treoir a thabhairt do bhaill foirne aonair ar mian leo fógraí glórphoist dátheangacha a fhágáil ar a gcuid fón pearsanta.
- Fógraí dátheangacha a chur ar fáil ar theachtaireachtaí i ndiaidh na ngnáthuaireanta oibre

CAIBIDIL 4

MONATÓIREACTH AGUS ATHBHREITHNIÚ

Coimeádfaidh Foireann Bhainistíochta Feidhmí (FBF) na hInstitiúide feidhmiú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú. Is iad na Cinn Roinn/Cinn Feidhme go príomha a chomhlíonfaidh feidhm na monatóireachta laethúla, agus beidh siad siúd freagrach as cur i bhfeidhm na scéime ina gcuid réimsí féin.

Déanfar monatóireacht ar bhaint amach spriocanna sonraithe mar seo a leanas:

- Coimeádfar taifead ar gach litir, glao fóin, iarratas, etc. a bhfaighfear i nGaeilge chun go mbeifear in ann monatóireacht a dhéanamh ar éileamh

- Déanfar taifead ar leibhéal an chaiteachais ar aistriú chomhfhreagras litreacha, preas-eisiúintí, an láithreán gréasáin, foilseacháin etc.
- Déanfar taifead ar leibhéal an chaiteachais ar oiliúint trí Ghaeilge
- Déanfar taifead ar leibhéal an chaiteachais ar fhógraíocht dhátheangach.

CAIBIDIL 5

AN SCÉIM A PHOIBLIÚ

Déanfar ábhar na scéime, chomh maith lena cuid gealltanais agus forálacha a phoiblí don phobal i gcoitinne mar seo a leanas:

- Foilsiú na bhforálacha
- Scaipeadh chuig gníomhaireachtaí cuí agus comhlachtaí poiblí trí fhógraí ríomhphoist
- Foilsiú ar láithreán gréasáin na hinstitiúide.

Seo a leanas mar a chuirfear chun cinn an scéim laistigh den Institiúid:

- Cuirfear cóip den scéim timpeall chuig gach ball foirne chomh luath is féidir tar éis go ndéanfar í a fhaomhadh.

Tá cóip den scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith.